www.xtrapapers.com

Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2017**

# Stair

## Aonad Measúnaithe AS 1
## Imscrúduithe agus Léirmhínithe Staire

SHY11

## [SHY11]
## DÉ CÉADAOIN 17 BEALTAINE, IARNÓIN

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá curtha ar fáil.
Níl ach **Rogha 5** ar fáil ar an leagan Gaeilge seo den scrúdpháipéar.
Freagair Ceist **1(a)** nó **1(b)** agus Ceist **2** as an **rogha agat**.
Taispeáin go soiléir ar do Leabhrán Freagraí cad é an rogha a rinne tú.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.

www.xtrapapers.com

## Rogha 5: An Ghearmáin 1919–1945

Freagair Ceist **1(a)** nó **1(b) agus** Ceist **2.**

**Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist 1.**

**1 Ceachtar acu**

**(a)** Déan anailís ar cad chuige ar tháinig na Naitsithe i gcumhacht idir Cliseadh Wall Street i nDeireadh Fómhair 1929 agus ceapachán Hitler mar Sheansailéir ar 30 Eanáir 1933. [10]

**Nó**

**(b)** Déan anailís ar iarmhairtí an chogaidh do mhuintir na Gearmáine sa tréimhse 1939–1945. [10]

**2** Léigh Foinse 1, Léirmhíniú A agus Léirmhíniú B agus freagair na ceisteanna a leanann:

**Aidhmeanna Pholasaithe Eacnamaíocha na Naitsithe 1933–1939**

**Foinse 1**
Sliocht as óráid a thug Adolf Hitler, 1 Bealtaine 1933. Tá sé ag labhairt ag slógadh oibrithe i mBeirlín ar Lá Oibrithe na Gearmáine.

> Tá géarchéim mhillteanach eacnamaíochta curtha de ag náisiún na Gearmáine. Is mian leis na milliúin duine inár náisiún a bheith ag obair, ach ní thig leo. Tháinig fulaingt agus mí-ádh millteanach anuas orainn agus thug siad éadóchas agus lagmhisneach leo. Is é an tasc atá romhainn ná deireadh a chur le dífhostaíocht trí chlár a chuirfidh fostaíocht ar fáil sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí. Faoi dheireadh na bliana seo, beidh muid ar an bhealach le héacht a chur i gcrích a chuirfidh slacht ar struchtúir agus feabhas ar fhoirgnimh agus ar an dóigh sin, cuirfidh muid obair ar fáil do na céadta míle san earnáil phríobháideach. Déanfaidh muid iarracht fosta deiseanna fostaíochta ar mhórscála a chur ar fáil san earnáil phoiblí. Tá muid ag cur tús le clár le córas nua bóithre a thógáil. Is fiontar ollmhór é seo a mbeidh na múrtha airgid de dhíth air. Cuideoidh an córas bóithre seo, in éineacht le tionscadail eile oibreacha poiblí, leis an ráta dífhostaíochta a laghdú go seasta.

www.xtrapapers.com

**Léirmhíniú A**
Sliocht as *War and Economy in the Third Reich*, le R.J.Overy, a foilsíodh in 1995.

Ba é an téarnamh geilleagrach an tosaíocht sna blianta luatha den réimeas. Bhí cláir infheistíochta státmhaoinithe do chruthú fostaíochta ag croí-lár na stratéise don athfhostaíocht. Caitheadh an mhórchuid den mhaoiniú don chruthú fostaíochta sa tréimhse 1933–1934 ar thionscadail shibhialtacha a raibh nádúr neamh-mhíleata acu. Bhí cláir ghearrthréimhseacha le postanna a chruthú agus leis an gheilleagar a spreagadh mar chuid den chruthú fostaíochta. Chuir tógáil bóithre, idir gnáthbhóithre agus na *Autobahns* (mótarbhealaí) le téarnamh i dtionscal na tógála. Níor leor cruthú fostaíochta leis féin le geilleagar na Gearmáine a tharraingt amach as an spealadh, cé gur léir gur spreagadh mór é don bhorradh tionsclaíochta agus don athfhostaíocht sna blianta luatha criticiúla den réimeas. Níorbh fhéidir borradh a chur faoin atharmáil ach amháin faoin bhliain 1936.

*© War and Economy in the Third Reich y R. J. Overy.*
*Published by Oxford University Press, 1995. (ISBN: 9780198205999)*

**Léirmhíniú B**
Sliocht as *The Wages of Destruction: The Making and Breaking of the Nazi Economy*, le A.Tooze, a foilsíodh in 2007.

Ba í atharmáil an chuid ba thábhachtaí de chlár Hitler. Glactar leis i bhfad ró-mhinic gurb í an chéad tosaíocht a bhí ag an réimeas ná tabhairt faoin ghéarchéim eacnamaíochta. Ach is toradh amháin an léirmhíniú seo ar bharraíocht airde a thabhairt ar chruthú fostaíochta. Ní raibh na saincheisteanna a bhain le cruthú fostaíochta agus an dífhostaíocht riamh chomh mór sin chun tosaigh i gclár oibre rialtas Hitler ná mar a chreidtear go forleathan. Na cinntí ba ríthábhachtaí ar pholasaithe eacnamaíocha a glacadh sa tréimshe 1933–1934, níor bhain siad le dífhostaíocht ach le hatharmáil. Ba mhó i bhfad an t-airgead a caitheadh ar an phacáiste do chaiteachas míleata ná an méid a bhí san áireamh riamh leis an fhostaíocht a chruthú. Tugadh tús áite don atharmáil i meamram Hitler ar an Phlean Ceithre Bliana i mí Lúnasa 1936 agus cuireadh in iúl "go gcaithfeadh geilleagar na Gearmáine a bheith réidh le dul chun cogaidh taobh istigh de cheithre bliana." D'éiligh Hitler fosta gur chóir don Ghearmáin neamhthuilleamaíocht a bhaint amach maidir le breosla.

*© The Wages of Destruction: The Making and Breaking of the Nazi Economy by Adam Tooze.*
*Published by Penguin, 2007. (ISBN: 9780141003481)*

**(a)** **Déan Staidéar ar Fhoinse 1.** Cé chomh húsáideach agus atá Foinse 1 mar fhianaise do staraí atá ag déanamh staidéar ar aidhmeanna pholasaithe eacnamaíocha na Naitsithe sa tréimhse 1933–1936? Caithfidh tú eolas comhthéacsúil a úsáid i do fhreagra. [20]

**(b)** **Déan Staidéar ar Léirmhíniú A agus Léirmhíniú B.** Bíonn dearcthaí difriúla ag staraithe maidir le saincheisteanna áirithe. An dá léirmhíniú agus an tuiscint atá agat ar an chomhthéacs stairiúil in úsáid agat, cé acu den dá léirmhíniú dhifriúla seo, dar leat, atá níos inchreidte maidir le haidhmeanna pholasaithe eacnamaíocha na Naitsithe sa tréimhse 1933–1939? [30]

---

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

---

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.